



Roinn 1

Iasachtaí a Thuiscint

Comhlánaigh na habairtí ag baint úsáid as na focail sa bhosca thíos:

iasacht, amlíne na haisíocaíochta, príomhshuim, Ráta Céatadánach Bliantúil, ús,

1. Ús an praghas a íocann tú as airgead a fháil ar iasacht.
2. Is é príomhshuim an méid airgid a fhaigheann tú ar iasacht.
3. Léiríonn Rata Ceatadain Bliantuil an méid úis a íocann tú ar an airgead a fhaigheann tú ar iasacht gach bliain, agus áirítear leis freisin aon táillí nó muirir bhreise a bhaineann leis an iasacht.
4. Dá fhaide fad iasacht, is ea is mó a íocfaimid ar ais in ús thar shaolré na hiasachta.
5. Chun an t-ús a chaithfidh tú a íoc ar iasacht a ríomh, ní mór duit smaoineamh ar an bpríomhshuim, an ráta úis atá á thairiscint duit ag an mbanc nó ag an gcomhar creidmheasa agus an amlíne na haisíocaíochta.





Roinn 2

Réitigh Mhínithe



Réiteach Mínithe: Iasacht Aoife

Tá iasacht €5,000 de dhíth ar Aoife. Ba mhaith léi amharc ar na roghanna éagsúla atá ar fáil le gur féidir léi an cinneadh is fearr a dhéanamh. Tháinig Aoife ar an rogha iasachta seo a leanas. Tá banc ag tairiscint APR de 4.2% agus an rogha an iasacht a aisíoc thar cheithre nó cúig bliana. Cé mhéad a bheadh le híoc ar ais ag Aoife ar gach rogha, más féidir gach iasacht a aisíoc i dtráthchodanna comhionanna míosúla?

Réiteach: 4 bliana

	APR	Interest Calculations	Interest
Year 1	4.2%	$€5,000 \times 0.042$	€210
Year 2	4.2%	$(€5,000 - €1,250) \times 0.042$	€157.50
Year 3	4.2%	$(€3,750 - €1,250) \times 0.042$	€105
Year 4	4.2%	$(€2,500 - €1,250) \times 0.042$	€52.50
Total Interest			€525
Total Repayment			€5,525



Roinn 2

Réitigh Mhínithe



Réiteach Mínithe: Iasacht Aoife

Tá iasacht €5,000 de dhíth ar Aoife. Ba mhaith léi amharc ar na roghanna éagsúla atá ar fáil le gur féidir léi an cinneadh is fearr a dhéanamh. Tháinig Aoife ar an rogha iasachta seo a leanas. Tá banc ag tairiscint APR de 4.2% agus an rogha an iasacht a aisíoc thar cheithre nó cúig bliana. Cé mhéad a bheadh le híoc ar ais ag Aoife ar gach rogha, más féidir gach iasacht a aisíoc i dtráthchodanna comhionanna míosúla?

Réiteach: 5 bliana

	APR	Interest Calculations	Interest
Year 1	4.2%	$€5,000 \times 0.042$	€210
Year 2	4.2%	$€4,000 \times 0.042$	€168
Year 3	4.2%	$€3,000 \times 0.042$	€126
Year 4	4.2%	$€2,000 \times 0.042$	€84
Year 5	4.2%	$€1,000 \times 0.042$	€42
Total Interest			€630
Total Repayment			€5,630



Roinn 3

Do Scileanna a Úsáid



C1. Tá rogha á déanamh ag Jamie idir dhá iasacht:

Iasacht	APR	Téarma	Ús Íoctha
A	5%	3 bliana	€450
B	5%	6 bliana	€900

(i) Cén fáth a roghnódh Jamie Iasacht B?

(ii) Cad iad na hiarmhairtí a bhaineann le Iasacht B a roghnú i dtéarmaí aisiocaíochtaí iomlána?

B'fheidir go roghnoidh Jamie Iasacht B mar go mbeadh na haisiocaíochtaí scaipthe thar threimhse níos faide (6 bliana in ionad 3 bliana). Ciallaíonn se sin aisiocaíochtaí míosula níos ísle de ghnáth.

Is é an príomhthoradh go gcosnaíonn Iasacht B níos mó ar an iomlán. Iocfaidh Jamie €900 in ús ar Iasacht B, i gcomparaid le €450 ar Iasacht A.

Ce go bhfuil an rata uis mar a cheile, ciallaíonn an téarma iasachta níos faide go n-iocfaidh Jamie ús ar feadh níos mó blianta, rud a fhágann go bhfuil na haisiocaíochtaí iomlána níos airde.



Roinn 3

Do Scileanna a Úsáid

C2. Tá oiliúint á déanamh ag Musa le bheith ina phíolóta aerlíne. Teastaíonn iasacht uaidh chun íoc as a chuid oiliúna. I ndiaidh roinnt taighde, chinn Musa iasacht €6,000 a fháil thar thrí bliana le ráta APR de 6%.



- (i) Cá mhéad úis a íocfaidh Musa thar thréimhse na hiasachta?
- (ii) Cad iad na haisíocaíochtaí iomlána a bheidh le híoc aige?

	APR	Interest Calculations	Interest
Year 1	6%	$€6,000 \times 0.06$	€360
Year 2	6%	$(€6,000 - €2,000) = €4,000 \times 0.06$	€240
Year 3	6%	$(€4,000 - €2,000) = €2,000 \times 0.06$	€120
Total Interest			€720
Total Repayment			€6,720




Roinn 3

Do Scileanna a Úsáid

C3. Téigh chuig ccpc.ie agus bain úsáid as an uirlis chomparáide iasachtaí. Cuardaigh iasacht €5,000 thar 6 bliana.

Faigh:

- (i) An APR is ísle atá ar fáil
- (ii) Costas iomlán na hiasachta sin





Roinn 4

Ceisteanna le haghaidh Plé

Bain úsáid as an uirlis CCPC ar líne chun breathnú ar rátaí iasachta reatha, ansin ríomh cúpla aisíocaíocht shamplach bunaithe ar mhéideanna agus ar théarmaí iasachta éagsúla.

Freagra Oscailte

Cén dóigh a bhféadfadh athruithe ar ioncam nó costais gan choinne dul i gcion ar chumas duine iasacht a aisíoc?

Cad iad na huirlisí matamaitice agus airgid CCPC a d'fhéadfadh duine a úsáid chun cuidiú leis nó léi pleanáil faoi choinne sin?

Ma chailleann duine a phost nó ma laghdaítear a (h)uaireanta oibre, laghdaíonn a (h)ioncam, rud a d'fhéadfadh dul i gcion ar a c(h)umas iasacht a aisíoc. Mar an gceanna, meadaíonn an caiteachas le costais gan choinne amhail costais leighis nó deisiuchain ar charr. B'fheidir go mbeadh ga airgead a bhi beartaithe ar dtús le haghaidh aisíocaíochtaí iasachta a úsáid do rud eigin eile, rud a mheadaíonn an baol go gcaillfear aisíocaíochtaí, go dtitfi i riaraid, nó go n-íocfaí tailli nó us breise.

Cabhraíonn pleanail roimh re leis na rioscaí sin a laghdú. Le buiseadu, is feidir le duine a (h)ioncam agus a c(h)aiteachas iomlán a scrúdu agus oiriúnacht a (h)aisíocaíochtaí iasachta laistigh da c(h)aiteachas míosúil a fheiceail. Cabhraíonn scileanna matamaitice amhail ceatadain a úsáid le rátaí uis a thuiscint, lena n-airítear an tionchar a bhíonn ag athruithe ar rátaí nó ar fhad iasachta ar aisíocaíochtaí iomlána. Is feidir meastachan a úsáid lena chinneadh ce mhead airgid a d'fhéadfai a chur i leataobh le haghaidh eigeandalai, agus is feidir le ríomhanna cabhru lena fhail amach ce chomh fada agus a mhairfeadh coigiltas da dtíocfadh athru ar ioncam. Cabhraíonn se le duine a chinneadh an bhfuil iasacht níos giorra nó níos faide níos inacmhainne freisin trí chomparaid a dheanamh idir tearmaí iasachta agus meideanna aisíocaíochta eagsúla. Cuireann an CCPC uirlisí ar líne saor in aisce ar fáil chun tacu leis sin, lena n-airítear aireamhan buiseid, aireamhan iasachta, agus aireamhan coigiltis, ar feidir leo cabhru le daoine pleanail, comparaid a dheanamh idir roghanna, agus cinnti eolasacha airgeadais a dheanamh.



Roinn 4

Ceisteanna le haghaidh Plé

Is minic a dhírítear fógraí iasachta ar aisíocaíochtaí seachtainiúla nó míosúla ísle. Cad chuige a bhféadfadh sé sin a bheith míthreorach agus costas foriomlán na hiasachta á bhreithniú?

Ni chiallaíonn aisiocaíochtaí ísle iasacht níos saoire i gconai. Tá se tabhachtach go mbreathnófa ar an tsuim iomlán a aisiocadh, an APR, agus fad na hiasachta, ní an figiúr seachtainiúil na míosúil amháin.

Dá mbeifeá ag athdhearadh fógra iasachta, cad iad na sonraí matamaiticiúla tábhachtacha a chuirfeá san áireamh lena chinntiú go bhfuil sé soiléir agus intuigthe?

- *An tsuim iomlán a fuarthas ar iasacht*
- *Rata Ceatadain Bliantuil*
- *Fad na hiasachta*
- *Meid agus minicíocht na haisiocaíochta*
- *An tsuim iomlán a aisiocadh*
- *An t-us iomlán a iocadh*